

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC

Ainm na scoile	Scoil Chuimsitheach Chiaráin
Seoladh na scoile	An Cheathrú Rua Contae na Gaillimhe
Uimhir rolla	81012N

Dáta na cigireachta: 25-05-2017



This report is written in Irish. An English translation is provided at the end of the report.

Scríobhadh an tuairisc seo i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla ar fáil ag deireadh na tuairisce.

CAD IS MEASTÓIREACHT SCOILE UILE - BAINISTÍOCHT, CEANNAIREACHT AGUS FOGHLAIM ANN?

Déanann Meastóireachtaí Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghaim tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i scoil. Dearbhaíonn siad dea-chleachtas agus déanann siad moltaí, nuair is cuí, chun cuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar soláthar oideachais sa scoil.

CONAS AN TUAIRISC SEO A LÉAMH

Le linn na cigireachta seo, rinne na cigirí meastóireacht agus rinne siad tuairisciú faoi na ceanteidil nó faoi na réimsí fiosrúcháin seo a leanas:

1. Cáilíocht cheannaireacht agus bhainistíocht na scoile
2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
3. Feidhmiú moltaí ó mheastóireachtaí roimhe sin
4. Próiseas féinmheastóireachta na scoile agus an cumas d'fheabhsú scoile

Déanann na cigirí cur síos ar an gcáilíocht a bhaineann le gach ceann de na réimsí sin agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar leathanach deiridh na tuairisce seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile i ngach réimse. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ CIGIREACHTA LE LINN NA CIGIREACHTA SEO

Dáta na Cigireachta	25-05-2017
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu <ul style="list-style-type: none">• Cruinniú leis an mBord Bainistíochta• Cruinniú leis an bpríomhoide agus leis an bpríomhoide tánaisteach• Cruinnithe leis na príomhbhaill foirne• Cruinniú le hionadaithe tuismitheoirí• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha	<ul style="list-style-type: none">• Anailís ar cheistneoirí tuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí• Agallamh le fócasghrúpa scoláirí• Breathnóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim• Scrúdú ar obair na scoláirí• Caidreamh le scoláirí• Aiseolas don fhoireann bainistíochta shinsearach, don bhord bainistíochta agus do na múinteoirí

COMHTHÉACS NA SCOILE

Iar-bhunscoil chomhoideachais, lán-Ghaeilge í Scoil Chuimsitheach Chiaráin atá lonnaithe i Limistéar Pleanála Teanga na Ceathrún Rua; síneann abhantrach na scoile ó Ros an Mhíl go Ceantar na nOileán. Tagann formhór mór na scoláirí ó theaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge mar ghnáth-theanga sa bhaile acu agus tá céatadán an-ard de chainteoirí dúchais i measc bhaill foirne na scoile. Tá 297 scoláire ar an rolla don scoilbhliain reatha, figiúr atá a bheag nó a mhór mar a chéile le tamall de bhlianta.

Tá an scoil páirteach i bplean gníomhaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna um chuimsiú oideachais, Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (CDSS) ón mbliain 2005.

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

CINNTÍ

- Bhí ardchleachtais ann i leith na Gaeilge agus bhain ardchaighdeán leis na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do na scoláirí.
- Tá tús curtha leis an bpleanáil straitéiseach ach tá cáilíocht na ceannaireachta i leith na pleanála straitéisí ar bhonn na scoile uile measartha.
- Bhí an teagasc ar ardcháilíocht nó ar cháilíocht a bhí go maith in os cionn leath de na ceachtanna a breathnaíodh agus bhí na modheolaíochtaí a úsáideadh i mionlach suntasach eile idir measartha agus gan a bheith thar an leibhéal sásúil.
- Bhí eispéireas foghlama na scoláirí go maith nó go han-mhaith in os cionn leath de na ceachtanna; bhí scóip ann cur leis an rath ar an bhfoghlaim i líon suntasach eile.
- Tá dul chun cinn maith déanta i bhforfheidhmiú na moltaí a rinneadh sna tuairiscí cigireachta a eisíodh chuig an scoil go dáta ach amháin maidir le húsáid teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) sa teagasc agus foghlaim.

- Baineann cáilíocht an-mhaith le próiseas na pleanála CDSS agus féinmheastóireachta scoile (FMS) ach tá gá le cur chuige comhtháite ar bhonn scoile uile.

MOLTAÍ

- Moltar go gceapfadh an bord bainistíochta plean straitéiseach ag teacht leis na treoirlínte FMS agus na struchtúir chuí a chinntiú chun an plean a chur i bhfeidhm faoi cheannaireacht réamhghníomhach na bainistíochta sinsearaí.
- Ní foláir don bhainistíocht shinsearach bealaí cumarsáide níos éifeachtaí a fhorbairt ag leibhéal na scoile uile le go mbeadh úinéireacht ag pobal na scoile ar fad ar an bplean agus le go mbeadh rath ar an bpróiseas straitéiseach pleanála.
- Is den riachtanas é forbairt a dhéanamh ar úsáid TFC i ngach gné de shaol na scoile.
- Is gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcur chuige i leith na difreála, ar an bhfoghlaim chomhoibríoch agus ar chleachtais an mheasúnaithe chun foghlama.
- Tá scóip shuntasach ann forbairt a dhéanamh ar phleanáil chomhoibríoch na rannóg ábhair.

MIONCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

1. CÁILÍOCHT CHEANNAIREACHT AGUS BHAINISTÍOCHT NA SCOILE

1.1 Úinéireacht agus bainistíocht na scoile

Tá an bord bainistíochta bunaithe mar is cuí. Tá réimse de shaineolas agus de scileanna tairbheacha ag baill an bhoird agus tá páirt glactha acu i gclár oiliúna dá ról. Tá naisc leanúnacha ag baill an bhoird leis an scoil agus tá an bord bródúil as an méid atá bainte amach i soláthar oideachais ó bunaíodh í. Tacaíonn an bord go maith leis an nGaeilge a choinneáil lárnach i ngnóthaí na scoile.

Tionóltar cruinnithe boird go rialta agus bhí dea-chuma ar imeachtaí an bhoird sna miontuairiscí, bhí freastal an-mhaith ar na cruinnithe agus bhí riar an bhoird go maith. Cuirtear tuairisc ó bhéal ar fáil faoi imeachtaí na gcruinnithe boird don fhoireann teagaisc agus do na tuismitheoirí. Chun comhpháirtíocht na bpáirtithe i riar na scoile a fheabhsú, moltar tuairisc chomhaontaithe ar imeachtaí na gcruinnithe boird a chlárú ag deireadh gach cruinnithe agus leagan clóite den mhéid seo a scaipeadh ar an bhfoireann teagaisc agus ar ionadaithe na dtuismitheoirí. Soláthraíonn an príomhoide tuairisc ar fheidhmiú na scoile don bhord ach tá gá le tuairisc níos iomláine le cinntiú go bhfuil sonraí ann faoin bpleanáil CDSS, FMS, polasaithe agus réimsí forbartha fiúntacha eile.

Tá na polasaithe riachtanacha ann ach tá dáta 2008 luaite le haon trian díobh. Tosaíodh ar an gcód iompair a athbhreithniú i 2015 ach níl an obair seo tagtha chun críche go fóill, rud a fhágann nach bhfuil ach líon beag polasaithe glactha ag an mbord reatha. Ní mór na heasnamh seo a leigheas agus córas athbhreithnithe tráthrialta a bheith ann do na polasaithe lena chinntiú go bhfuil siad ar fad cothrom le dáta. Ba chóir don bhord socruithe a dhéanamh chun an polasaí Gaeilge a athbhreithniú

mar ábhar tosaíochta. Moltar chomh maith, coiste na dtuismitheoirí agus comhairle na scoláirí a bheith níos lárnaí san obair ar pholasaithe.

Tá príomhthosaíochtaí ginearálta aitheanta ag an mbord bainistíochta; aonad speisialta oideachais a fhorbairt, cur chun cinn na Gaeilge agus na pleanála scoile. Ba cheart don bhord, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara, na tosaíochtaí seo a phlé chun plean comhtháite scoile a fhorbairt. Chabhródh sé seo chun spriocanna forbartha an bhoird dá théarma oifige a shoiléiriú. Moltar an phleanáil CDSS agus FMS agus clár feabhsúcháin i gcúrsaí teagaisc agus foghlama a bheith luaite go sonrach mar thosaíochtaí sa phlean seo.

B'fhiú ball foirne a bheith ainmnithe ar mheitheal oibre do gach tosaíocht ionas go mbeidh tuiscint chomhroinnte agus cur chuige aontaithe i measc na foirne uile. Níor mhór spriocanna cinnte, gníomhaíochtaí aitheanta, agus fráma ama chun aghaidh a thabhairt ar an bpróiseas straitéiseach seo. Bheadh sé inmhianaithe tuairisc chuimsitheach rialta ar dhul chun cinn an phlean ghníomhaíochta a bheith ar chlár chruinnithe na gcomhpháirtithe difriúla.

Tugann coiste na dtuismitheoirí tacaíocht ghníomhach don scoil. Tá sé le moladh go bhfuil lámhleabhar maith do thuismitheoirí forbartha ag an scoil i gcomhairle leis na tuismitheoirí. Léirigh na ceistneoirí a cuireadh ar thuismitheoirí le linn na meastóireachta leibhéal ard sástachta leis an scoil agus leis an gcúram a thugtar dá bpáistí. Áiríodh sna ceistneoirí céanna go raibh gá na bealaí cumarsáide idir an coiste agus pobal iomlán na dtuismitheoirí a fhorbairt tuilleadh. Chabhródh suíomh idirlín, atá á fhorbairt ag an scoil le tamall, le cúrsaí cumarsáide i measc phobal na scoile.

Tá comhairle na scoláirí ionadaíoch ar na bliainghrúpaí ar fad agus tá nascmhúinteoir réamhghníomhach mar chuidiú leo. Is dea-theist ar cheannródaíocht na scoláirí na tionscnaimh fiúntacha atá bainte amach acu thar na blianta.. Tá scóip ann ról na scoláirí i gcur chun cinn na Gaeilge a neartú agus b'fhiú tacaíocht a sholáthar chun roinnt de mholtaí na scoláirí féin ón suirbhé ar an nGaeilge a rinneadh i Nollaig 2016 a bhaint amach. Bheadh sé inmhianaithe go ndéanfaidh an bord cruinníú a thionól le coiste na dtuismitheoirí agus comhairle na scoláirí uair in aghaidh na scoilbhliana chun tosaíochtaí ábhartha a phlé.

1.2 Éifeachtacht na ceannaireachta don fhoghlaim

Tá trí bliana ann ó ceapadh an fhoireann bainistíochta shinsearach reatha; bhí an príomhoide ina phríomhoide tánaisteach ar feadh sé bliana roimhe seo. Léiríonn said tiomantas láidir don scoil agus oibríonn siad go dian dícheallach as lámha a chéile. Tá gá le díriú isteach níos mó ar cheannaireacht réamhghníomhach a sholáthar chun tosaíochtaí forbartha agus clár feabhsúcháin scoile uile a chur i bhfeidhm ar bhealach níos córasaí agus níos tráthúla.

Faoi láthair níl na struchtúir ann chun próiseas pleanála scoile uile a fheidhmiú sna réimsí is mó gá; pleanáil CDSS/FMS, dréachtú agus athbhreithniú polasaithe, clár feabhsúcháin i gcúrsaí teagaisc agus foghlama a chuimsíonn clár forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) don fhoireann uile mar aon le pleanáil do leasuithe agus tionscnaimh nua, mar shampla plean cúig bliana don Ghaeilge agus An Creat don tSraith Shóisearach. Níor mhiste róil na bainistíochta sinsearaí a shainaithint chun próiseas pleanála scoile uile a neadú, a fheidhmiú agus a athbhreithniú. Beidh gá le struchtúir níos fearr ar na córais phleanála agus feidhmithe áfach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo.

Tá sé phost freagrachta príomhoide cúnata ag an scoil agus ocht bpost dualgas speisialta, leithroinnt a fhágann go bhfuil cúraim bhainistíochta ag leath de mhúinteoirí na scoile. Tá an leibhéal tarmiligin dualgais go maith i measc na bpríomhoidí cúnata a bhfuil cúraimí oide bliana orthu. Tionóltar cruinnithe

gach coicís idir na hoidí bliana agus an bhainistíocht shinsearach agus moltar na cinntí agus na moltaí a dhéantar ag na cruinnithe seo a thabhairt ar aghaidh ag cruinniú na foirne uile. Is dea-chleachtas é go bhfuil cúram CDSS/FMS mar chuid de sceideal na bpost.

Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar na dualgais a bhaineann leis na poist fhreagrachta a dháileadh ar bhealach níos cothroime agus feidhm níos éifeachtaí a bhaint as acmhainn na bpost seo i bhforbairt na scoile ar bhealach inmharthana. Níor mhór cruinniú foirmeálta rialta a thionól idir an bhainistíocht shinsearach agus an fhoireann mheánbhainistíochta chun tógáil ar an gcaidreamh dearfach neamhfhoirmeálta atá ag feidhmiú i measc na foirne. Rinneadh roinnt de na post-shealbhóirí tuairisciú scríofa ar chomhlíonadh a bpost anuraidh agus cuireadh na tuairiscí faoi bhráid na bainistíochta sinsearaí. Ba cheart don bhainistíocht shinsearach tógáil ar an nósmaireacht seo chun an obair a thabhairt chun críche. Tá múinteoirí eile a ghabhann de chúraimí go deonach i mórán réimsí nach post-shealbhóirí iad agus moltar iad as a spiorad deonach.

Tá cáilíocht na cumarsáide idir an bhainistíocht shinsearach agus an fhoireann teagaisc sásúil. Déantar plé maith ar réimse leathan ábhar ag cruinnithe foirne a thionóltar go tráthrialta. Is den riachtanas é plé níos téagartha a dhéanamh ar mhíreanna den phlean CDSS/FMS, ar na gnéithe d'obair na scoile a bhaineann go sonrach leis an teagasc agus foghlaim, lena n-áirítear, pleanáil ábhair, anailís ar thorthaí scrúdaithe agus tuairiscí cigireachta. Ba cheart feidhmiú an phlean scoile a bheith mar mhír sheasta ar chlár chruinnithe foirne.

Is croíláidreacht de chuid na scoile an fhoireann teagaisc; tugadh aitheantas dá ndúthracht agus tiomantas i measc na bpáirtithe go léir. Tá tacaíochtaí maithe ann chun forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) na múinteoirí a éascú agus glacann múinteoirí páirt i gcúrsaí FGL seachtracha. Dá bharr seo, moltar struchtúr a cheapadh chun aiseolas ó chúrsaí seachtracha FGL a roinnt. Ní raibh taifead coinnithe ar na hábhair FGL a bhí clúdaithe ag leibhéal na foirne uile le cúpla bliain anuas, moltar é seo a chur ina cheart agus clár comhordaithe FGL a chur le chéile bunaithe ar anailís ar riachtanais na foirne. Tá naisc thairbhíúla forbartha idir an scoil agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge mar chuid de chlár cruinnis sa Ghaeilge do mhúinteoirí. Tá an scoil páirteach i scéim phiólótach don chomhmhúinteoireacht i gcomhpháirt leis an Seirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM). Tá an bhainistíocht shinsearach agus an fhoireann teagaisc le moladh as an dul chun cinn atá déanta an chomhmhúinteoireacht a chur chun cinn sa scoil. Tugadh suntas d'inniúlacht fhorhmór na múinteoirí ar labhairt agus scríobh na Gaeilge.

Bhí cáilíocht na bpleananna curaclaim sa réimse idir an-mhaith agus pleananna ar áiríodh níos mó laigí ná láidreachtaí orthu. I measc na samplaí den chleachtas ab fhearr bhí teimpléid chuimsitheacha forbartha, bhí nótaí machnaimh na múinteoirí le léamh, bhí anailís ar láidreachtaí, deiseanna, dúshláin agus bagairtí (LDDB), taifead ar chúrsaí inseirbhíse agus bhí straitéisí litearthachta forbartha in oiriúint do mhúineadh an ábhair, anailís an-mhaith ar thorthaí scrúduithe teistiméireachta agus plean gnímh leagtha amach. Ba cheart na nósanna imeachta seo a bheith mar ghnáthchleachtas i bpróiseas pleanála gach ábhair. Moltar don bhainistíocht shinsearach ról gníomhach a ghlacadh i bhforbairt na rannóg ábhair; chun eolas agus scileanna oideolaíochta a roinnt agus chun acmhainn gach ball foirne a chothú i leith na pleanála don teagasc agus don fhoghlaim.

Tá cáilíocht na dtacaíochtaí do scoláirí go han-mhaith agus feidhmíonn an fhoireann tréadchúraim go héifeachtach le tacaíochtaí maithe ó na hoidí bliana agus múinteoirí ranga. Faoi láthair, reáchtáiltear tionól do na bliainghrúpaí difriúla ar bhonn *ad hoc*; moltar an cleachtas seo a athbhreithniú agus tionól a eagrú go tréimhsiúil. Bhí dea-theist le fáil ar cháilíocht an chúraim a dhéantar do na scoláirí sna ceistneoirí. Tá an clár um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus na modúil ar an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) á gcur ar fáil ag teacht le rialacha na Roinne. Eagraítear tionscnaimh mhaithe meabhairshláinte sa scoil agus bíonn ról ag scoláirí san obair seo.

Bhí córas comhordaithe an-mhaith ann, thar réimse ábhar, chun freastal ar scoláirí a raibh riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu. I measc na samplaí de chleachtas uileghabhálach an-mhaith atá in úsáid tá tástálacha agus atástálacha caighdeánaithe, pleananna oideachais don scoláire aonair á gcur i bhfeidhm, treoir sa tacaíocht foghlama agus acmhainne curtha ar an bhfoireann ar fad agus tá tús curtha leis an teagasc foirne mar chuid den phróiseas FMS. Ag teacht le dea-chleachtas, tá naisc fhiúntacha idir RSO agus Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS) agus an phleanáil CDSS/FMS. Bhí an cleachtas maidir le Treoir go maith agus tá naisc luachmhara cruthaithe le háisíneachtaí cuí.

Cuirtear curaclam leathan ar fáil do na scoláirí. Is clár éigeantach é an Idirbhliain a tugadh isteach i 2010. Bhí tuismitheoirí agus scoláirí araon thar a bheith dearfach faoina dtaithí ar an gclár agus is saibhre iad na naisc agus cáilíocht na cumarsáide atá idir an scoil agus na páirtithe leasmhara a bhuíochas ar chlár na hIdirbhliana. Léiríonn na múinteoirí dílseacht agus tiomantas nach beag don scoil agus do na scoláirí tríd an réimse imeachtaí eischuraclaim lena n-áirítear cúrsaí spóirt, ceoil, díospóireachta agus comórtais liteartha. Tá traidisiúin láidir ag an scoil sna réimsí seo ar fad agus tá cruthúnas ar leith ag foirne díospóireachta Gaeilge na scoile ag an leibhéal is airde i gcomórtas Gael Linn.

Tugadh deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanáí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*, gan athrú nó leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanáí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*.

1.3 Bainistíocht ar áiseanna

Tá caoi mhaith ar an scoil, timpeallacht na scoile agus formhór na seomraí. Tá timpeallacht foghlama spreagthach curtha ar fáil i mórán áiteanna agus moltar go háirithe mar a úsáidtear na foirgnimh chun tacú le scileanna litearthachta agus uimhearthachta. Tá coiste don Bhrat Glas bunaithe le déanaí agus moltar tabhairt faoin mbrat a ghnóthú.

Tá dáta 2008 luaite le polasaí TFC na scoile agus cé gur tháinig feidhmchláir ríomhaireachta néaiseirbhíse isteach le gairid, tá géarghá le polasaí agus plean TFC a fhorbairt chun dea-chleachtais agus nuálaíocht sa teagasc, san fhoghlaim agus i riar na scoile a chur chun cinn.

Tá sé bliana ann ó tugadh faoin ráiteas sláinte agus sábháilteachta a athbhreithniú. Moltar an ráiteas a uasdátú gan mhoill agus measúnú riosca a fhágáil ag múinteoirí a bhfuil seomraí ranga faoina gcúram.

2. CÁILÍOCHT AN TEAGAIS AGUS NA FOGHLAMA

2.1 Cáilíocht an teagais agus na foghlama

Áiríodh na teicnící teagais a bheith ar cháilíocht a bhí go maith nó go han-mhaith in os cionn leath de na ceachtanna. Bhí na modheolaíochtaí a úsáideadh sna ceachtanna eile idir measartha agus sásúil; an chuid ba mhó díobh sa raon sásúil. Ba í an Ghaeilge a bhí in úsáid do gach idirghníomhaíocht ranga sna ceachtanna ar fad agus Gaeilge amháin a bhí le léamh sa sampla randamach de na cóipleabhair a bailíodh i ngach aon ceacht.

Bhain caighdeán ard leis an bpleanáil agus ullmhúchán a bhí déanta do na ceachtanna ba bhisiúla. Leagadh amach spriocanna foghlama soiléire idirdhealaithe do na ceachtanna seo. Bhí luas cuí agus ábhair chúí réitithe do na ranganna a mhúscail suim na scoláirí agus a spreag rannpháirtíocht iontu de

réir a gcumais. Rinneadh na spriocanna foghlama a athchoimriú leis na scoláirí mar chlábhúsúr ag deireadh na gceachtanna seo.

Úsáideadh straitéisí maithe ceistiúcháin chun réamheolas a lorg, tacaíocht a thabhairt agus dul chun cinn a mheas. Baineadh leas tairbheach as cleachtas na difreála fad a bhí na scoláirí ag obair ar thascanna agus na múinteoirí ag feidhmiú mar éascaitheoirí foghlama sna ranganna ab fhearr.

Bhí eispéireas na foghlama go maith nó go han-mhaith in os cionn leath de na ceachtanna agus bhí ionchais arda ag na múinteoirí d'fhoghlaim na scoláirí. Ní raibh an rath céanna ar an bhfoghlaim i líon suntasach eile de na ceachtanna. I measc na ngnéithe a bhí le feabhsú bhí gá le gníomhaíochtaí foghlama a chruthú a choinneadh na scoláirí gníomhach ina gcuid foghlama féin, ceachtanna a bheith níos dúshlánaí do na foghlaimeoirí is inniúla. Níor mhiste struchtúr níos forásaí a bheith ar na ceachtanna agus straitéisí ceistiúcháin níos fearr a úsáid.

Bhí na scileanna bainistithe sa seomra ranga go maith i ngach ceacht a breathnaíodh. Ar an iomlán ní raibh drogall ar scoláirí ceisteanna a chur nó smaointe a roinnt. Bhí dea-atmaisféar i réim; bhí an-aithne ag gach ball foirne ar gach uile scoláire agus bhí caidreamh pearsanta an-mhaith idir na scoláirí agus an fhoireann. Baineadh úsáid mhaith as clár an tseomra ranga nó as acmhainní TFC a chuir le foghlaim na scoláirí i gcás leath de na ceachtanna. Tá scóip chun forbartha maidir le húsáid TFC i dteagasc agus foghlaim na n-ábhar ar fad sa scoil.

Bhí an-éagsúlacht ar cháilíocht an taifid a bhí déanta ag scoláirí ina ndialanna obair bhaile. Bheadh sé tairbheach d'fhoghlaim na scoláirí ionchais obair bhaile a phlé ag leibhéal na roinne ábhair agus ag leibhéal na scoile uile chun polasaí obair bhaile de chuid na scoile a chur i gcrích. B'fhiú freisin cur chuide scoile uile a aontú chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar na dialanna obair bhaile.

Rinneadh athbhreithniú ar shampla randamach de chóipleabhair agus obair na scoláirí. Bhí raon fíorleathan ar mhéid agus ar chaighdeán na hoibre a bhí le léamh iontu. Tugadh suntas do na heasnamh a bhí le feiceáil ar na modhanna a bhí ag roinnt mhaith scoláirí ord agus eagar a choinneáil ar thaifead a gcuid oibre. Níor mhór slat tomhais sách ard a bheith leagtha síos chun béim a chur ar chaighdeán oibre níos airde a bheith le léamh sna cóipleabhair chomh maith le bealaí chun bileoga oibre agus nótaí a stóráil. D'fhéadfaí ionchur ó na scoláirí a chur san áireamh chun critéir ratha a aontú.

Bhí béim chuí ar an litearthacht in os cionn leath de na ranganna agus bhí corrshampla de chleachtais mhaith i leith na huimhearthachta sna ceachtanna a breathnaíodh ach ní raibh aon straitéis faoi leith in úsáid ag na múinteoirí. Is gá monatóireacht níos éifeachtaí a dhéanamh ar úsáid na straitéisí sa seomra ranga chun na straitéisí litearthachta agus uimhearthachta atá aontaithe ag leibhéal na scoile uile mar chuid den phróiseas CDSS/FMS a chur i bhfeidhm.

Bhí an cleachtas ar mhonatóireacht a sholáthar ar obair na scoláirí sa raon idir míshásúil agus go maith. Bhí aiseolas forásach maith scríofa le léamh i gcás an bheagáin de na cóipleabhair a breathnaíodh. Is gá forbairt a dhéanamh ar úsáid an aiseolais fhorásaigh i ngach grúpa ranga chun cuidiú le feabhas a threorú, dul chun cinn a rianú agus obair atá go maith a dhearbhu. Déantar mar mholadh ginrearálta prionsabail agus cleachtais an mheasúnaithe chun foghlama a chur chun cinn sa scoil.

Bhí samplaí maithe den phiarmheasúnú le feiceáil i roinnt bheag ceachtanna. B'fhiú machnamh a dhéanamh ar an tairbhe a bhainfeadh le piarmheasúnú agus féinmheasúnú a chomhtháthú mar chuid d'eispéireas measúnaithe scoláirí na scoile uile.

3. FEIDHMIÚ MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ ROIMHE SIN

3.1 Bainistíocht

Tá na moltaí go léir ag leibhéal na bainistíochta curtha i gcrích ach amháin an moladh faoin bpróiseas pleanála ábhair a fhorbairt tuilleadh agus am a chur ar leataobh chun modheolaíocht agus acmhainní éifeachtacha a phlé agus plean gníomhaíochta a fhorbairt le spriocanna aontaithe.

3.2 Foghlaim agus teagasc

Tá dul chun cinn le sonrú i bhforfheidhmiú na moltaí a rinneadh sna ceithre thuairisc chigireachta a eisíodh chuig an scoil go dáta; tá scóip ann i gcónaí le forbairt a dhéanamh ar an gcur chuige i leith na difreála, ar réimse níos mó modhanna foghlama gníomhacha a úsáid agus réimse níos leithne teicnicí measúnú chun foghlama. Anuas ar sin, is den riachtanas é forbairt a dhéanamh ar úsáid TFC in eispéireas na scoláirí ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim.

4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS ACMHAINN FEABHSAITHE NA SCOILE

Tá an scoil ag gabháil don phleanáil CDSS ó 2005 agus cuireadh tús leis an bpróiseas FMS in 2014. Bhí obair ar ardcháilíocht déanta i mbailiú agus anailísiú sonraí bonnlíne, i mbeartú spriocanna agus i roghnú straitéisí. Tá dul chun cinn déanta i mórán gach téama CDSS/FMS a bhuíochas ar an dea-obair atá ar bun ag grúpaí beaga faoi stiúir an chomhordaitheora. Níl próifíl scoile uile ag na tionscnaimh seo áfach, mar ba cheart. Níl pleananna feabhsúcháin scoile don litearthacht ná don uimhearthacht glactha ag an mbord ná foilsithe go fóill. Níl bealaí cumarsáide comhtháite forbartha faoin bpróiseas CDSS/FMS ag leibhéal an bhoird, ag leibhéal na bainistíochta ná i measc na foirne teagasc.

Tá sé de thoradh ar an gcliseadh seo ar an gcumarsáid nach raibh plean feabhsúcháin scoile á chur i gcrích ina raibh gach múinteoir agus gach roinn ábhair rannpháirteach. Tugadh suntas don easpa tuisceana agus cuntasachta i measc pháirtithe uile na scoile ar an bpróiseas CDSS/FMS. Moltar croíbhail foirne don phleanáil CDSS/FMS a cheapadh, faoi cheannaireacht na bainistíochta sinsearaí, le hionadaíocht ón Treoir, ó RSO, CSTS, CCS, scéim Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail agus na nascmhúinteoirí atá roghnaithe don litearthacht agus uimhearthacht. Níor mhiste cruinnithe foirmiúla den ghrúpa seo a thionól go tráthrialta chun dul i ngleic leis na heasnaimh lárnacha a ghabhann le pleanáil CDSS/FMS sa scoil. Beidh bealaí cumarsáide níos éifeachtaí le neadú ar fud na scoile chun tacú leis an gcur chuige seo don phleanáil CDSS/FMS.

Tá cumas an-mhaith i measc na foirne próiseas feabhsúcháin scoile a chur chun cinn ach iad a bheith cumasaithe é seo a bhaint amach faoi cheannaireacht chomhtháite na bainistíochta.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Cuid A: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Fáiltíonn an Bord Bainistíochta agus pobal uile na scoile roimh thuairisc na cigireachta a tharla i Scoil Chuimsitheach Chiaráin i Mí Bealtaine 2017.

Ba mhaith linn tréaslú le scolairí, foireann agus tuismitheoirí/caomhnóirí na scoile agus buíochas ó chroí a ghabháil leo as ucht a ndílseachta agus a dtiomantas don scoil.

Táimid iontach sásta agus an-bhródúil as an ard-chaighdeán atá á bhaint amach againn sna réimsí seo a leanas:

- Cur chun cinn agus cothú na Gaeilge ag leibheál scoile, go hacadúil agus go sóisialta.
- An cúram agus an aire a chuirtear ar fail do dhaltáí tríd na naisc fhiúntacha atá forbartha laistigh den scoil.
- An rogha leathan ábhar agus an curaclam atá ar fail sa scoil agus clár na hidirbhliana a chothaíonn nasc luachmhar idir an timthriall sóisearach agus sinsearach.
- Dílseacht agus tiomantas na múinteoirí agus na bainistíochta do scoláirí na scoile.
- An dul chun cinn suntasach atá déanta i ngach réimse den chlár CDSS agus go háirithe na rátaí arda atá bainte amach i gcur chun cinn oideachasúil na scoláirí ó bhliain go bliain.
- An dea-atmaisféar atá idir an fhoireann agus na scoláirí a chothaíonn eispéiris foghlama dearfach don phobal scoile.

Cuid B: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Déanfaidh an Bord Bainistíochta i gcomhairle le bainistíocht agus foireann na scoile machnamh ar na moltaí agus tabharfar aghaidh orthu go coinsiasach agus go críochnúil de réir a chéile.

CONTANAM CÁILÍOCHTA NA CIGIREACHTA

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa scoil agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a mbaineann cigirí feidhm aisti nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile do gach réimse.

Leibhéal	Cur síos	Sampla de na téarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear An-mhaith áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo bíonn an cháilíocht ar a ndearnadh meastóireacht thar cionn agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeán soláthair.	An-mhaith ; ar cháilíocht an-ard; an-éifeachtach; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard; Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí an-suntasach; thar barr
Go maith	Úsáidtear Go maith áit ina bhfuil níos mó láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh leis an gcaighdeán an-mhaith a bhaint amach.	Go maith ; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear Sásúil áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá díreach níos mó láidreachtaí a ndéantar meastóireacht orthu ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian leis na taithí foghlama agus ba chóir dul i ngleic leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.	Sásúil ; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear Measartha áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	Measartha , laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith chomh sásúil sin; deacrachtaí ann; níor mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear Lag áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I	Lag ; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas atá suntasach

gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.

ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann

**An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills**

**Whole School Evaluation
Management, Leadership and Learning**

REPORT

School name	Scoil Chuimsitheach Chiaráin
School address	Carraroe County Galway
Roll number	81012N

Date of Evaluation: 25-05-2017



WHAT IS A WHOLE-SCHOOL EVALUATION – MANAGEMENT, LEADERSHIP AND LEARNING?

Whole-School Evaluations – Management, Leadership and Learning report on the quality of teaching and learning and on the quality of management and leadership in a school. They affirm good practice and make recommendations, where appropriate, to aid the further development of the subject in the school.

HOW TO READ THIS REPORT

During this inspection, the inspectors evaluated and reported under the following headings or areas of enquiry:

5. Quality of school leadership and management
6. Quality of teaching and learning
7. Implementation of recommendations from previous evaluations
8. The school's self-evaluation process and capacity for school improvement

